C/2025/6348

21.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12177 — CAPVEST / STADA GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6348)

1. An 12 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CapVest Partners LLP ('CapVest', an Ríocht Aontaithe),

— Nidda German Topco GmbH (in éineacht lena fhochuideachtaí díreacha agus indíreacha 'STADA Group', an Ghearmáin), atá faoi rialú comhpháirteach Bain Capital Investors, LLC (na Stáit Aontaithe) agus an séú ciste Cinven (Geansaí).

Gheobhaidh CapVest rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar STADA Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh meánmhargaidh é CapVest atá dírithe ar thionscail an-athléimneach ina bhfuil an tionscnóir éilimh don táirge nó don tseirbhís neamhroghnach. Is iad príomhearnálacha CapVest príomhearraí tomhaltóirí, cúram sláinte agus seirbhísí riachtanacha,

— Is cuideachta chógaisíochta é Grúpa STADA a bhfuil láithreacht áitiúil aige i ngach mórmhargadh Eorpach, agus i margaí fáis i réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh, san Áise agus san Astráil, a chuireann punann táirgí éagsúlaithe ar fáil le haghaidh raon réimsí teiripeacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12177 — CAPVEST / STADA GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË